Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8751/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0070 (COD)**

**CODEC 569**
**CLIMA 133**
**ENV 312**
**TRANS 166**
**MI 292**
**PE 21**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 chun solúbthacht bhreise a áireamh a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na gcaighdeán feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 ag monaróirí a ríomh i gcás gluaisteáin nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua le haghaidh na mblianta féilire 2025 go 2027<br>– An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 5 go dtí an 8 Bealtaine 2025) |

## I. RÉAMHRÁ

Tar éis do sheisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa formheas a dhéanamh ar an iarraidh ó Ghrúpa Pháirtí an Phobail Eorpaigh (PPE) leanúint ar aghaidh de réir Riail 170 (nós imeachta práinne) an 6 Bealtaine 2025, chuir An Grúpa do Choimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa (ECR) agus An Grúpa 'Tírghráthóirí don Eoraip' (PfE) 23 leasú síos.

An 7 Bealtaine 2025, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe, dá bhformheasfadh Parlaimint na hEorpa an togra thuasluaite ón gCoimisiún gan aon leasú a dhéanamh air, go bhformheasfadh an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

## II. VÓTÁIL

Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 8 Bealtaine 2025 tríd an togra ón gCoimisiún a ghlacadh ar láimh agus trí dhiúltú do na leasuithe uile a cuireadh síos. Tá an seasamh sin le fáil sa rún reachtach uaithi.

Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, a fhormheas agus, ar an gcaoi sin, an chéad léamh a thabhairt chun críche don dá Institiúid.

D'fhéadfaí an gníomh reachtach a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

## P10_TA(2025)0099

## Astaíochtaí $CO_2$ ag monaróirí a ríomh i gcás gluaisteáin nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua le haghaidh 2025 go 2027

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Bealtaine 2025 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 chun solúbthacht bhreise a áireamh a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na gcaighdeán feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ag monaróirí a ríomh i gcás gluaisteáin nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua le haghaidh na mblianta féilire 2025 go 2027 (COM(2025)0136 – C10-0062/2025 – 2025/0070(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0136),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2), d'Airteagal 114 agus d'Airteagal 168(4), pointe (b), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0062/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 29 Aibreán 2025[1],

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint do Rialacha 60 agus 170 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

**P10_TC1-COD(2025)0070**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 8 Bealtaine 2025 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 chun solúbthacht bhreise a áireamh a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na gcaighdeán feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 ag monaróirí a ríomh i gcás gluaisteáin nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua le haghaidh na mblianta féilire 2025 go 2027**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 Tuairim an 29 Aibreán 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Bealtaine 2025.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Socraítear le Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, ar cuid lárnach iad de chreat an Aontais chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990 faoi 2030 agus chun aeráidneodracht ar fud an gheilleagair a bhaint amach faoi 2050.

(2) Mar fhreagairt ar iarraidh ó pháirtithe leasmhara ar sholúbthacht chomhlíontachta bhreise maidir le spriocanna $CO_2$ a mhéid a bhaineann leis an tréimhse 2025 go 2027, is iomchuí leasú a ghlacadh go práinneach lena bhforáiltear do sholúbthacht aonuaire do na 3 bliana sin i ndáil le comhlíonadh na gcaighdeán feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a ríomh, agus na spriocanna chun astaíochtaí $CO_2$ a laghdú á gcoinneáil ar bun ag an am céanna.

(3) Le linn na tréimhse 2025 go 2027, ba cheart do mhonaróirí a áirithiú nach sáróidh meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ a bhfeithiclí sprioc astaíochtaí, sprioc arna ríomh mar mheán a spriocanna bliantúla i leith astaíochtaí sonracha i gcaitheamh na tréimhse sin. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na spriocanna sin ag deireadh na tréimhse 3 bliana i gcás gach monaróra aonair. Ba cheart na préimheanna astaíochtaí iomarcacha a ríomh dá réir sin.

---

[3] Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 (IO L 111, 25.4.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/631/oj).

(4) Chun na forálacha maidir le díorma a dhéanamh a ailíniú leis an tsolúbthacht chomhlíontachta bhreise sna blianta 2025 go 2027, ba cheart é a bheith indéanta comhaontuithe maidir le díorma a dhéanamh le haghaidh na bliana féilire 2025 nó 2026 go dtí deireadh 2027.

(5) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon solúbthacht bhreise a chur ar fáil maidir le comhlíonadh $CO_2$ sa tréimhse 2025 go 2027, agus na ceanglais maidir le laghdú astaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua araon á gcaomhnú ag an am céanna, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(6) I bhfianaise a phráinní atá sé solúbthacht bhreise a chur ar fáil maidir le comhlíonadh $CO_2$ sa tréimhse 2025 go 2027, agus na ceanglais maidir le laghdú astaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua araon á gcaomhnú ag an am céanna, meastar gurb iomchuí an eisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, a agairt.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/631 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 mar a leanas:

(1) in Airteagal 4, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1a. De mhaolú ar mhír 1, le haghaidh na tréimhse 3 bliana lena gcuimsítear na blianta féilire 2025 go 2027, áiritheoidh monaróir, lena n-áirítear nuair is ball de dhíorma é, nach sáróidh a mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ i gcaitheamh na tréimhse sin a sprioc i leith astaíochtaí sonracha i gcaitheamh na tréimhse sin.

Déanfar na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ sin a ríomh mar mheán na meánastaíochtaí sonracha bliantúla $CO_2$ i gcaitheamh na tréimhse 3 bliana, arna ualú de réir líon na bhfeithiclí nuachláraithe don mhonaróir i ngach bliain féilire.

Déanfar an sprioc i leith astaíochtaí sonracha a ríomh mar mheán na spriocanna bliantúla i leith astaíochtaí sonracha i gcaitheamh na tréimhse 3 bliana, arna chinneadh i gcomhréir le pointe 6.3 de Chuid A nó Cuid B d’Iarscríbhinn I nó, i gcás ina ndeonaítear maolú do mhonaróir faoi Airteagal 10, i gcomhréir leis an maolú sin, arna ualú de réir líon na bhfeithiclí nuachláraithe don mhonaróir i ngach bliain féilire.

Le haghaidh gach bliana féilire inar cuireadh monaróir san áireamh i ndíorma, is é a bheidh sna meánastaíochtaí sonracha bliantúla $CO_2$ agus sa sprioc bhliantúil i leith astaíochtaí sonracha atá le húsáid le haghaidh na ríomhanna sin ná na luachanna le haghaidh an díorma sin.’;

(2) in Airteagal 6(2), cuirtear an dara fomhír seo a leanas leis:

'De mhaolú ar an gcéad fhomhír, maidir le comhaontú chun díorma a dhéanamh lena gcumhdaítear an bhliain féilire 2025 nó 2026, féadfar comhaontú den sórt sin a dhéanamh suas go dtí an 31 Nollaig 2027.';

(3) in Airteagal 8(1), cuirtear an dara fomhír seo a leanas leis:

'De mhaolú ar an gcéad fhomhír, i leith na mblianta féilire 2025 go 2027, forchuirfidh an Coimisiún préimh astaíochtaí iomarcacha ar aon mhonaróir a sáraíonn a mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ i gcaitheamh na 3 bliana sin a sprioc i leith astaíochtaí sonracha i gcaitheamh na tréimhse 2025 go 2027.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |